ACER
European Union Agency for the Cooperation of Energy Regulators

Freagraí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir lena Tuarascáil Speisialta: Comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais

1. *Freagra ACER go hachomair*

Aontaíonn ACER le tuairim fhoriomlán an CIE go bhfuil an tsaincheist faoi mhargadh inmheánach fuinnimh atá lán-chomhtháite níos práinní fós mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh agus costais mhaireachtála atá roimh shaoránaigh an Aontais faoi láthair.

Tá tuarascáil iniúchta an CIE á heisiúint ag tráth a bhfuil íogaireacht níos airde ann maidir leis na tairbhí agus na himpleachtaí a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh cumhachta san Aontas. Is díospóireacht thromchúiseach í sin a bhfuil rioscaí ag baint léi maidir le hilroinnt fhéideartha sa mhargadh leictreachais amach anseo. Mar sin tá sé níos tábhachtaí ná mar is gnách a bheith beacht agus tomhaiste.

Dearcadh ACER maidir le príomhthuairimí an CIE ar chomhtháthú an mhargaidh leictreachais.

- Chuirfeadh ACER fáilte roimh léargas níos cothroime ar na hiarrachtaí agus na héachtaí ollmhóra a rinneadh maidir le margaí náisiúnta leictreachais a chomhtháthú.

- Tá córas cumhachta na hEorpa ar an gceann is comhtháite ar domhan. Tugann sé buntáistí suntasacha do shaoránaigh agus do chuideachtaí Eorpacha. Bunaithe ar chás gan aon trádáil trasteorann in 2021, measann ACER gurb ionann na sochair sin agus thart ar EUR 34 billiún in aghaidh na bliana[1] trí thrádáil trasteorann idir na Ballstáit a chumasú agus trí fheabhas a chur ar athléimneacht agus ar chinnteacht soláthair na mBallstát[2].

- Is toradh ar iarrachtaí roinnt páirtithe[3] é rath na hEorpa sa dul chun cinn maidir leis an gcóras leictreachais a chomhtháthú agus chuirfeadh ACER fáilte roimh aitheantas ar chastacht agus ar dhua na hiarrachta sin.

- Chuirfeadh ACER fáilte roimh aitheantas as roinnt príomhéachtaí a rinneadh le linn na tréimhse ó 2015 go dtí 2021 – éachtaí a fhágann go bhfuil buntáistí an tionscadail Eorpaigh um chomhtháthú an mhargaidh leictreachais inláimhsithe. Áirítear orthu sin ardán leithdháilte aonair a chruthú in 2018 lena leithdháiltear cearta acmhainne tarchurtha fadtéarmacha agus gearrthéarmacha atá ar fáil ar theorainneacha inmheánacha uile an Aontais; an chúpláil amháin ionlae Eorpach thar 15 thír (2018); agus ardáin chothromaithe na hEorpa a bheith beo le dhá bhliain anuas, rud lena gcuideofar le slándáil an tsoláthair a mhéadú agus lena gcumasófar do ghníomhaithe

[1] Féach achoimre feidhmiúcháin agus alt 38 de na tuairimí i dtuarascáil an CIE.
[2] Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Measúnú Deiridh ACER ar Dhearadh Margadh Leictreachais Mórdhíola an Aontais Eorpaigh, Aibreán 2022.
[3] Ina measc sin tá, *inter alia,* an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, oibreoirí líonra agus margaidh, trádálaithe chomh maith le ACER agus na húdaráis rialála náisiúnta (NRAnna).

nua (amhail i réimsí na freagartha ar éileamh agus na bhfoinsí in-athnuaite) páirt a ghlacadh sa mhargadh sin.

Glacann ACER leis na moltaí, seachas leis an spriocdháta a mholtar faoi Mholadh 3. Measann an Ghníomhaireacht go mbeidh sé dúshlánach an moladh maidir le faireachas margaidh a chur chun feidhme go hiomlán faoin spriocdháta 2025 a leagtar síos sa Mholadh.

2. Barúlacha ginearálta ACER maidir le margaí leictreachais an Aontais a chomhtháthú

Chuirfeadh ACER fáilte roimh admháil na n-iarrachtaí ollmhóra agus na héachtaí a rinneadh maidir le margaí náisiúnta leictreachais a chomhtháthú, rud a chuir borradh faoi thrádáil trasteorann le deich mbliana anuas, agus a bhain buntáistí suntasacha amach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais. Is é an toradh iarbhír ar na hiarrachtaí ollmhóra sin ná go bhfuil córas cumhachta na hEorpa ar an gceann is comhtháite ar domhan. Bunaithe ar chás gan aon trádáil trasteorann in 2021, measann ACER gurb ionann na sochair sin agus thart ar EUR 34 billiún in aghaidh na bliana[4] trí thrádáil trasteorann idir na Ballstáit a chumasú agus trí fheabhas a chur ar athléimneacht agus ar chinnteacht soláthair na mBallstát[5].

Is próiseas leanúnach é comhtháthú mhargaí leictreachais na hEorpa fós. Chuirfeadh ACER fáilte roimh aitheantas a thabhairt do roinnt príomhthorthaí a baineadh amach idir 2015 agus 2021. I measc na n-éachtaí a léiríonn garspriocanna cinntitheacha ar an mbealach chuig an margadh inmheánach leictreachais a thabhairt chun críche agus a fhágann go mbeidh buntáistí an tionscadail Eorpaigh um chomhtháthú an mhargaidh leictreachais inláimhsithe:

- comhchuibhiú comhleanúnach ar na rialacha maidir le cearta tarchurtha san fhadtéarma agus ardán leithdháilte aonair a chruthú (Deireadh Fómhair 2018) lena leithdháiltear cearta acmhainne tarchurtha fadtéarmacha agus gearrthéarmacha atá ar fáil ar theorainneacha inmheánacha uile an Aontais agus a fheidhmíonn mar chúltaca don tionscadal Cúplála amháin Lá Roimh Ré;
- cúpláil amháin ionlae Eorpach ar fud 15 thír a bheith beo (Meitheamh 2018), ar cheart, tar éis dhá bhabhta sínte, a bheith tugtha chun críche go hiomlán gan mhoill leis an gceathrú chéim arb ionann í sin agus babhta deiridh an phróisis (i.e. comhtháthú na Gréige agus na Slóvaice);
- na hardáin chomhardaithe Eorpacha a bheith beo le dhá bhliain anuas, lena gcuideofar le cinnteacht an tsoláthair a mhéadú agus lena n-éascófar rannpháirtíocht gníomhaithe nua (amhail i réimsí na freagartha ar éileamh agus na bhfoinsí in-athnuaite) sa mhargadh sin; agus
- tionscadal sreabhadhbhunaithe lá roimh ré den Chroí-réigiún, a seoladh le déanaí (8 Meitheamh 2022), a bheith beo, tionscadal lena n-uasmhéadaítear úsáid na n-acmhainní tras-chriosacha atá ann cheana i thart ar leath den Eoraip (13 thír).

Ina theannta sin, cuireann ACER an méid seo a leanas in iúl maidir le margadh inmheánach leictreachais na hEorpa:

[4] Féach an achoimre feidhmiúcháin agus alt 38 de na tuairimí i dtuarascáil an CIE.
[5] Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Measúnú Deiridh ACER ar Dhearadh Margadh Leictreachais Mórdhíola an Aontais Eorpaigh, Aibreán 2022

- mar gheall ar a arduaillmhian agus an tírdhreach ilghníomhaí atá i gceist leis, gurb é seo an tionscadal comhtháthaithe cumhachta il-tíre is éilithí ar domhan;
- mar gheall ar an rath a bhí air, bhí cumas ní b'fhearr ag Ballstáit dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha sa mhargadh fuinnimh (laghdú ar luaineacht praghsanna agus cinnteacht soláthair níos fearr) agus leis na dúshláin atá rompu;
- d'éascaigh sé sciar níos mó d'fhuinneamh in-athnuaite san Eoraip, ar bhealach níos tapúla agus ar bhealach níos sláine agus níos costéifeachtúla ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús; agus
- beidh sé ríthábhachtach do shlándáil soláthair roinnt Ballstát a bhraitheann go mór mór ar acmhainní trasteorann a bheith ar fáil le haghaidh trádála.

Sa phróiseas casta sin um chomhtháthú an mhargaidh, luíonn luach ACER ní hamháin leis na húdaráis rialála náisiúnta (NRAnna) a tharraingt le chéile, ach freisin le páirt a thabhairt do na páirtithe go léir lena mbaineann agus tuairimí a sholáthar ar dhúshláin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha. Seachas cinntí ceangailteacha a dhéanamh agus moltaí a eisiúint chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais a fheabhsú tuilleadh, áirítear ar na hiarrachtaí sin freisin tionscnamh rathúil ACER chun straitéis faireacháin chuimsitheach agus éifeachtach a chur i bhfeidhm trí cheithre Choiste Geallsealbhóirí Eorpacha a bhunú chun rannchuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le próiseas cur chun feidhme na gCód Líonra (NCanna) – chomh maith le hoibriú agus feidhmiú na bpróiseas agus na socruithe arna mbunú de réir na NCanna – ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus uile-Eorpach, de réir théarmaí tagartha na gCoistí Geallsealbhóirí sin.

3. Barúlacha sonracha

Barúil VIII (Achoimre feidhmiúcháin)

Cé go bhfuil ACER buíoch as aon mholadh chun a chur chuige i dtaobh an fhaireacháin a fheabhsú a thuilleadh amach anseo, creideann ACER go raibh a chur chuige i dtaobh an fhaireacháin éifeachtach maidir le feasacht a ardú faoi na príomhcheisteanna a bhí i gceist le cur chun feidhme na gCód Líonra agus na dTreoirlínte Creata nó ina éagmais sin.

Ina theannta sin,

1) Le seacht mbliana anuas (i.e. ó ghlacadh na gCód agus na dTreoirlínte Líonra), tá gach struchtúr inmheánach ACER (Tascfhórsaí, Meithleacha, Bord Rialálaithe) agus gach struchtúr seachtrach - Coistí Geallsealbhóirí Eorpacha, Grúpaí Comhordaithe Tríthaobhacha (EC-ACER-ENTSO-E) , Grúpa Monatóireachta Ardleibhéil ar Chur i bhFeidhm (EC-ACER-ENTSO-E), Rialtóir leictreachais Eorpach Fhóram "Florence" - tiomanta d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin i gcur chun feidhme Chóid Líonra agus Threoirlínte an Aontais. Go háirithe, leagann ACER béim ar ról agus ar rannchuidiú na gCoistí Geallsealbhóirí Eorpacha chun brú leanúnach a choinneáil ar na páirtithe sin atá páirteach agus atá freagrach as cur chun feidhme na gCód Líonra agus na dTreoirlínte, bíodh siad ina nOibreoirí Córais Tarchurtha (TSOnna), ina nOibreoirí Ainmnithe Margaidh Leictreachais (NEMOnna), NRAnna agus uaireanta ACER agus an Coimisiún Eorpach.

2) Déanann ACER idirdhealú idir faireachán ar na Cóid Líonra cheangailteacha uile-Aontais (i gcás ina bhfuil iarracht shuntasach déanta ag ACER tuairisc a thabhairt go comhsheasmhach, go córasach agus go cuimsitheach ar a stádas cur chun feidhme) agus faireachán ar na Treoirlínte (i gcás ina ndearnadh iarracht go príomha le glacadh

tráthúil leis na téarmaí, leis na coinníollacha agus leis na modheolaíochtaí).

Leis an raon leathan sin de struchtúir inmheánacha agus sheachtracha, tugadh bonn maith eolais don Choimisiún Eorpach, do na NRAnna, do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí faoi stádas chur chun feidhme gach Cóid Líonra agus gach Treoirlíne.

Barúil 73

Bhí baint ghníomhach ag geallsealbhóirí le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gCód agus na dTreoirlínte Líonra agus go háirithe leis na ceithre Choiste Geallsealbhóirí Eorpacha (ESCanna) a bunaíodh díreach tar éis ghlacadh na dTreoirlínte (féach Téarmaí Tagartha na CSEnna sin agus an clár oibre, miontuairiscí agus ábhar na gcruinnithe sin ó bunaíodh iad ar shuíomh gréasáin oifigiúil na gCoistí Geallsealbhóirí Eorpacha (www.entsoe.eu.

Rinne ACER obair leantach ar na Moltaí a rinneadh ina chéad Threoirlíne CACM[6]/FCA[7] agus in 2021 rinne sé moladh le haghaidh Threoirlíne CACM 2.0. I mí Dheireadh Fómhair 2022, sheol ACER próiseas comhairliúcháin ar cheart togra chun Treoirlíne an FCA a leasú i mí an Mhárta 2023 a bheith mar thoradh air.

Níor chumhdaigh ACER an treoirlíne Chomhardaithe sa chéad Tuarascáil Faireacháin ar Chur Chun Feidhme (IMR) a foilsíodh in 2019 toisc go raibh na gníomhaíochtaí maidir leis an Treoirlíne Chomhardaithe a chur chun feidhme dírithe ar théarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí (TCManna) a ghlacadh go tráthúil, rud a thagann roimh chur chun feidhme na dtionscadal de ghnáth.

Barúil 84

Cé nár chuir ACER aon tuairim oifigiúil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ná faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa laistigh de na Tuarascálacha Monatóireachta Margaidh (MMRanna), chuir ACER moltaí ar fáil do na NRAnna, na TSOnna agus na páirtithe leasmhara eile i ndoiciméid éagsúla. Áirítear an méid seo a leanas i measc na samplaí:

1) sampla maidir leis na Modheolaíochtaí um Ríomh na hAcmhainneachta agus um Comhroinnt Costas Athsheolta agus a Fritrádála in 2016;
2) sampla maidir le Cur chun Feidhme an Chorrlaigh Íosta atá ar Fáil do Thrádáil Thraschriosach;
3) sampla maidir leis an athbhreithniú ar Threoirlíne CACM.

Barúil 130

Measann ACER go bhfuil comparáid mhaith le déanamh idir toradh a ghníomhaíochta faireachais agus faireachas ag Daoine a Shocraíonn Idirbhearta go Gairmiúil (PPATanna) agus ag rialtóirí airgeadais freisin. Baineann an líon íseal de chinntí forfheidhmithe atá bunaithe ar réamh-mheasúnuithe ACER leis an líon beag atreoruithe ó ACER i dtéarmaí

[6] Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú (CACM)
[7] Rialachán (AE) Uimh. 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh todhchaí acmhainne FCA)

iomlána. Mar sin féin, i dtéarmaí coibhneasta, tá méadú seasta ag teacht ar atreoruithe ACER le 5 bliana anuas ó 2.4 % go 8.8 % de na cásanna go léir a tuairiscíodh don Ghníomhaireacht. Is é is cúis leis sin go príomha easpa foirne le haghaidh gníomhaíochtaí faireachais, cumhdach faireachais margaidh neamhiomlán agus an tréimhse feithimh d'imscrúduithe NRA.

4. Freagraí ACER ar Mholtaí an CIE

Tugann ACER dá aire go ndéantar Moltaí 1, 2, 5 agus 7 don Choimisiún.

Moladh 3 – Feabhas a chur ar fhaireachas ACER ar shláine na margaí mórdhíola

Glacann ACER leis an moladh, seachas leis an spriocdháta dá chur chun feidhme. Níl sé indéanta an moladh sin a chur chun feidhme faoi 2025, déanta na fírinne.

Tá sé curtha in iúl go comhsheasmhach ag ACER ina dhoiciméid chlársceidealaithe bhliantúla ó 2016 nach féidir leis a oibleagáidí dlíthiúla faoi Airteagal 7(1) de REMIT a chomhlíonadh go hiomchuí leis na hacmhainní atá ar fáil[8]. Tá sé sin deimhnithe ag Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Choimisiúin agus ag an CIE féin.

I bhfianaise Thuairim an Choimisiúin Eorpaigh ar Dhoiciméad Clárúcháin ACER 2022-2024 agus an Ráitis Reachtaíochta agus Airgeadais (LFS), deonaíodh acmhainní airgeadais agus daonna breise do ACER. Mar sin féin, tabharfar na hearcaigh nua isteach de réir a chéile faoi 2027.

Maidir le hAirteagal 7(1) de REMIT, tá ACER anois ag díriú ar an gcumhdach faireachais margaidh a leathnú ar dtús trí fholáirimh a fhorbairt agus a fheabhsú sna cúig bliana amach romhainn. Ní raibh dóthain acmhainní airgeadais ag ACER le haghaidh an ghnímh sin san am a d'imigh thart agus mar sin tá gá suntasach ann bheith in ann breith suas leis sin. Ar an dara dul síos, tá ACER ag earcú tuilleadh saineolaithe faireachais margaidh chun dul i ngleic leis an méadú ar líon na "bhfoláireamh tionscanta" a dteastaíonn measúnú láimhe uathu ag saineolaithe agus chun an cumhdach faireachais a leathnú. Lena chois sin, tugann margaí mórdhíola an Aontais atá ag teacht chun cinn dúshlán roimh obair faireachais mhargaidh ACER (e.g. SIDC, ceantanna ionlae agus ardán comhardaithe margaidh an Aontais) agus dlínsí méadaithe féideartha REMIT (e.g. tá réigiún an Chomhphobail Fuinnimh ag ullmhú chun cúpláil margaidh a thabhairt isteach). Anuas air sin, chuir an Coimisiún Eorpach de chúram ar ACER le déanaí Tagarmharc GNL a tháirgeadh agus (ag brath ar an bplé polaitiúil) b'fhéidir go gcuirfí de chúram air 'sásra ceartúcháin don mhargadh gáis' a chur chun feidhme. D'fhéadfadh na cúraimí breise sin moill a chur ar an obair chun an moladh sin a bhaint amach faoi 2025.

I bhfianaise an méid thuas, déanann ACER a dhícheall a oibleagáidí dlíthiúla faoi Airteagal 7(1) de REMIT a chomhlíonadh trí na hacmhainní breise riachtanacha a chuirtear ar fáil tríd an LFS faoi 2027 a chur ar bun de réir a chéile.

Moladh 4 – Úsáid táillí REMIT a bhrostú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i bhfaireachas margaidh ACER

Glacann ACER leis an moladh.

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (REMIT)

Moladh 6 – Trédhearcacht agus cuntasacht ACER a fheabhsú

Glacann ACER leis an moladh.